Rewarding Learning

Uimhir Lárionaid

| | | | | |
|---|---|---|---|---|
| | | | | |

Uimhir Iarrthóra

| | | | |
|---|---|---|---|
| | | | |

General Certificate of Secondary Education
2017

# Eolaíocht Teastas Dúbailte: Ceimic

Aonad C2

Bonnsraith

**[GSD51]**

*GSD51*

**DÉ CÉADAOIN 14 MEITHEAMH 2017, MAIDIN**

**AM**

1 uair 15 nóiméad.

**TREOIR D'IARRTHÓIRÍ**

Scríobh d'Uimhir Lárionaid agus d'Uimhir Iarrthóra sna spásanna chuige sin ag barr an leathanaigh seo.
**Ní mór duit na ceisteanna a fhreagairt sna spásanna chuige sin.**
**Ná scríobh taobh amuigh den achar bhoscáilte ar gach leathanach nó ar leathanaigh bhána.**
Comhlánaigh le dúch dubh amháin. **Ná scríobh le peann glóthaí.**
Freagair **gach ceann** de na **naoi** gceist.

**EOLAS D'IARRTHÓIRÍ**

Is é 90 an marc iomlán don pháipéar seo.
Léiríonn figiúirí idir lúibíní atá priontáilte ar thaobh na láimhe deise de leathanaigh na marcanna atá ag dul do gach ceist nó do gach cuid de cheist.
Measúnófar caighdeán na cumarsáide scríofa i gCeist **6(b)(ii)**.
Tá Bileog Sonraí, ina bhfuil Tábla Peiriadach na nDúl, iniata sa scrúdpháipéar seo.

10867.02

**1** Baineann an chuid seo den cheist le dóchán.

**(a)** Comhlánaigh an sainmhíniú ar dhóchán trí chiorcal a chur thart ar an fhocal cheart ó gach bosca.

Is é is dóchán ann ná an t-imoibriú idir [ breoslaí / uisce / gáis ]

agus [ dé-ocsaíd charbóin / ocsaigin / hidrigin ]

le [ hocsaídí / carbónáití / salainn ] a fhoirmiú agus fuinneamh a scaoileadh. [3]

**(b)** Baineann an chuid seo den cheist le sulfar a dhó in aer.

Cuir síos ar **dhá** réamhchúram sábháilteachta ba chóir a ghlacadh nuair a dhóitear sulfar.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(c)** Comhlánaigh gach ceann de na ráitis thíos trí chiorcal a chur thart ar an fhreagra cheart.

**(i)** Is é an dath atá ar shulfar ná:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **glas** | **buí** | **dubh** | [1] |

**(ii)** Is é an dath atá ar an lasair nuair a dhónn sulfar in aer ná:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **gorm** | **bán** | **flannbhuí** | [1] |

**(iii)** Is é an tsubstaint a fhoirmítear nuair a dhónn sulfar in aer ná:

| | | | |
|---|---|---|---|
| **leacht éadathach** | **gás bánbhuí** | **gás éadathach** | [1] |

**(d)** Imoibríonn copar fosta nuair a théitear é san aer.

**(i)** Ainmnigh an chomhdhúil a fhoirmítear nuair a théitear copar san aer.

_______________________________________________ [1]

**(ii)** Tugtar ceithre ráiteas faoin imoibriú a tharlaíonn nuair a théitear copar san aer. Tá na ráitis ceachtar acu fíor nó bréagach.

Bain úsáid as ciorcal lena thaispeáint cé acu fíor nó bréagach atá gach ráiteas.
Tá ceann amháin déanta duit.

| | | | |
|---|---|---|---|
| Is solad ar dhath an airgid é copar | fíor | (bréagach) | |
| Is solad é an táirge a fhoirmítear | fíor | bréagach | |
| Tá dath dubh ar an táirge a fhoirmítear | fíor | bréagach | |
| Táirgeann an t-imoibriú solas geal bán | fíor | bréagach | [3] |

**[Tiontaigh an leathanach**

**2** Baineann an cheist seo go príomha le gás nítrigine.

**(a)** **(i)** Tá meascán gás san atmaisféar. Cén chuid den atmaisféar ar nítrigin í? Ciorclaigh an freagra ceart.

**tuairim is 55%** **tuairim is 80%** **tuairim is 90%** [1]

**(ii)** Cé acu gás arb é an dara gás is flúirsí san atmaisféar é?

______________________________ [1]

**(b)** **(i)** Tá roinnt airíonna gás liostaithe thíos. Ciorclaigh na **trí** airí a bhaineann le gás nítrigine.

**boladh géar** **éadathach** **dónn sí go furasta**

**iontach neamh-imoibríoch** **bánghlas** **gan bholadh ar bith** [3]

**(ii)** Cad é an fhoirmle do ghás nítrigine? Ciorclaigh an freagra ceart.

$\mathbf{N_2}$ **N** $\mathbf{N_3}$ [1]

**(c)** Tabhair dhá úsáid a bhaintear as nítrigin.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

3 **(a)** Is féidir cur síos a dhéanamh ar an uisce in áiteanna áirithe i dTuaisceart Éireann mar uisce crua. Comhlánaigh na habairtí thíos leis an dóigh a thaispeáint ar féidir uisce crua a shainaithint.

Is féidir uisce crua a shainaithint trí ________________ a chur leis an uisce.

Má tá an t-uisce crua táirgfear ________________. [2]

**(b)** Baintear úsáid go minic as glantaigh i dtithe le soithí a ní.

Líon isteach an focal nó na focail atá ar iarraidh leis na habairtí faoi éifeacht na nglantach ar uisce bog agus uisce crua a chomhlánú.

____________________ uisce bog sobal le glantach.

____________________ uisce crua sobal le glantach. [2]

**(c)** Is liosta é seo a leanas de roinnt éifeachtaí uisce crua. Ticeáil (✓) **dhá** éifeacht ar **bhuntáistí** iad agus tú i do chónaí i gceantar uisce crua.

| **Éifeacht uisce crua** | **Buntáiste** |
|---|---|
| tá sé maith do na fiacla agus na cnámha | |
| blocálann sé píopaí uisce te | |
| tá blas deas air | |
| cuireann sé gallúnach amú | |

[2]

**(d)** Ainmnigh ceann amháin de na **hiain** is cúis le cruas in uisce.

______________________________________________________________ [1]

**(e)** Cad é an difear idir cruas sealadach in uisce agus cruas buan in uisce?

______________________________________________________________

______________________________________________________________

______________________________________________________________ [2]

**[Tiontaigh an leathanach**

4 **(a)** Baineann an chuid seo den cheist leis na hairíonna atá ag gás hidrigine agus leis an tástáil do ghás hidrigine.

**(i)** Ticeáil (✓) an **dá** airí fhisiceacha ón liosta thíos atá fíor faoi ghás hidrigine.


| | |
|---|---|
| tá boladh milis air | ☐ |
| tá dath donn air | ☐ |
| níl sé chomh dlúth leis an aer | ☐ |
| an-intuaslagtha in uisce | ☐ |
| éadathach | ☐ |

[2]

**(ii)** Cad é a tharlaíonn má chuirtear birín beo i bpromhadán de ghás hidrigine?

_______________________________________________ [1]

**(b)** Is féidir an fearas thíos a úsáid le gás hidrigine a ullmhú sa tsaotharlann.




**(i)** Luaigh ainmneacha ar thuaslagán A agus ar sholad B ar féidir iad a imoibriú go sábháilte le gás hidrigine a fhoirmiú.

tuaslagán A ______________________

solad B ______________________ [2]

**(ii)** Cuir síos ar an dóigh a mbailítear an gás.

______________________

______________________ [1]

**(iii)** Luaigh dhá úsáid a bhaintear as gás hidrigine.

1. ______________________

2. ______________________ [2]

**5** Baineann an cheist seo le himoibrithe agus le himoibríocht mhiotail éagsúla Ghrúpa 2.

**(a)** Imoibríonn cailciam nuair a chuirtear é le huisce fuar. Luaigh ceithre bhreathnú a dhéanfá nuair a chuirtear cailciam le huisce fuar.

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________

4. ______________________________ [4]

**(b)** Ní imoibríonn maignéisiam le huisce fuar ach imoibreoidh sé le gal uisce. Comhlánaigh an chothromóid focal don imoibriú idir maignéisiam agus gal uisce.

maignéisiam + gal uisce → ______ + ______ [2]

**(c)** Luaigh trí bhreathnú lena mbeifeá ag dúil dá gcuirfí píosa beag de mhiotal strointiam in eascra mór uisce.

1. ______________________________

2. ______________________________

3. ______________________________ [3]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**

**6** Baineann an cheist seo le carbónáit chopair agus le carbónáit chailciam (aolchloch).

**(a)** Nuair a théitear carbónáit chopair go láidir tarlaíonn dianscaoileadh teirmeach di.

**(i)** Cad é an dath atá ar charbónáit chopair? Ciorclaigh an freagra ceart.

**bán** **gorm** **glas** **dubh** [1]

**(ii)** Comhlánaigh an chothromóid focal do dhianscaoileadh teirmeach carbónáit chopair.

carbónáit chopair → ______ + ______ [2]

**(b)** Is iomaí úsáid thábhachtach a bhaintear as aolchloch agus faightear í trí chairéalú.

**(i)** Luaigh úsáid thábhachtach amháin a bhaintear as aolchloch.

______________________________ [1]

**(ii)** Thángthas ar chuid mhór aolchloiche taobh istigh de mhíle ó bhaile cois trá a mbíonn a lán turasóirí ag tarraingt air.
Ba mhaith le comhlacht cairéal a oscailt ag an tsuíomh.
Tá daoine ann atá go mór i bhfách leis an chairéal a oscailt agus tá daoine eile ann atá go mór ina choinne.

Pléigh na buntáistí agus na míbhuntáistí, dar leat, a bhaineann le cairéal a oscailt le haolchloch a fháil cóngarach do bhaile cois trá a mbíonn a lán turasóirí ag tarraingt air.

**Sa cheist seo measúnófar thú ar scileanna na cumarsáide scríofa agat, lena n-áirítear úsáid saintéarmaí eolaíocha.**

Buntáistí:

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

Míbhuntáistí:

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________

______________________________ [6]

**[Tiontaigh an leathanach**

7 **(a)** Is acmhainní neamh-inathnuaite iad breoslaí iontaise. Ainmnigh trí bhreosla iontaise.

1. ______________________ 2. ______________________ 3. ______________________

[3]

**(b)** Is féidir cur síos a dhéanamh ar ghrianfhuinneamh mar acmhainn in-athnuaite.

**(i)** Cad é a chiallaíonn acmhainn **in-athnuaite**?

__________________________________________________________________

__________________________________________________________________ [1]

**(ii)** Luaigh foinse amháin eile d'fhuinneamh in-athnuaite.

__________________________________________________________________ [1]

**(c)** Tá meatán agus méideanna beaga próipéine i ngás nádúrtha. Comhlánaigh an tábla thíos le foirmle mhóilíneach, foirmle struchtúrach agus staid fhisiceach an dá chomhdhúil ag teocht an tseomra a thaispeáint.

| Ainm | Foirmle mhóilíneach | Foirmle struchtúrach | Staid fhisiceach ag teocht an tseomra |
|---|---|---|---|
| meatán | | | gás |
| próipéin | $C_3H_6$ | | |

[4]

**(d)** Baintear úsáid as eatánól i ndeochanna meisciúla. Luaigh dhá úsáid eile a bhaintear as eatánól.

1. ______________________________

2. ______________________________ [2]

**(e)** Bíonn éifeacht dhiúltach ar shláinte agus ar fholláine shóisialta daoine mar gheall ar bharraíocht alcóil a ól.

**(i)** Luaigh dhá dhóigh a bhféadfadh alcól dochar a dhéanamh go díreach do shláinte daoine.

1. ______________________________

______________________________

2. ______________________________

______________________________ [2]

**(ii)** Luaigh dhá dhóigh a bhféadfadh alcól drochéifeacht a bheith aige ar fholláine shóisialta daoine.

1. ______________________________

______________________________


2. ______________________________

______________________________ [2]

**8** Nuair a chuirtear catalaíoch soladach amhail ocsaíd mhangainéise(IV) le tuaslagán sárocsaíd hidrigine ($H_2O_2$) dianscaoileann an tuaslagán le hocsaigin a scaoileadh.

$$2H_2O_{2\ (aq)} \rightarrow 2H_2O_{\ (l)} + O_{2\ (g)}$$

Is féidir ráta an imoibrithe a thomhas tríd an ráta ag a bhfoirmítear gás ocsaigine a bhreathnú.
Déantar an t-imoibriú i bhfleascán **druidte** a bhfuil gás-steallaire ceangailte den bharr aige.




**(a) (i)** Cad chuige a bhfuil sé tábhachtach a chinntiú go **ndruidtear** an fleascán ina bhfuil na himoibreáin chomh luath agus a chuirtear an catalaíoch leis?

______________________________ [1]

**(ii)** Cad chuige ar chóir an gás ocsaigine a bhailiú i ngás-steallaire seachas i ngáschrúsca?

______________________________ [1]

**(iii)** Cad é mar a bheadh a fhios agat go bhfuil an t-imoibriú thart?

______________________________ [1]

**LEATHANACH BÁN**

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

**(Leanann ceisteanna ar an chéad leathanach eile)**


**[Tiontaigh an leathanach**

**(b)** Fuair grúpa daltaí na torthaí seo a leanas agus iad ag déanamh imscrúdú ar an ráta ag a bhfoirmíodh ocsaigin:

| **Am/s** | 0 | 10 | 20 | 30 | 40 | 50 | 60 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|
| **Toirt an gháis a táirgeadh/cm³** | 0 | 28 | 45 | 57 | 62 | 64 | 64 |

**(i)** Ar an eangach thíos:

- lipéadaigh an y-ais;
- breac graf leis an dóigh a thaispeáint a n-athraíonn an toirt de ghás ocsaigine a tháirgtear le himeacht ama.




[4]

**(ii)** Cá fhad a thóg sé le 50 $cm^3$ de ghás ocsaigine a tháirgeadh?

_______________ s [1]

**(iii)** Cé acu ráiteas, A, B, C nó D a chuireann síos ar an dóigh ar athraigh ráta an imoibrithe le himeacht ama?

A Bhí an ráta mar an gcéanna i rith an imscrúdaithe ar fad.

B Bhí an ráta is gasta sa chéad 10 soicind.

C Bhí an ráta is gasta idir 20 agus 30 soicind.

D Bhí an ráta is gasta idir 50 agus 60 soicind.

_______________ [1]

**(iv)** Cad é an toirt iomlán gáis a mbeifeá ag dúil léi a bheith táirgthe i ndiaidh 100 soicind?

_______________ $cm^3$ [1]

**9** Baineann an cheist seo le maiseanna foirmle choibhneasta, le móil agus le maiseanna adamhacha coibhneasta.

**(a)** Comhlánaigh an sainmhíniú thíos:

Is é an mhais adamhach choibhneasta d'adamh ná ______________________

______________________________________________

______________________________________________

______________________________________________ [3]

**(b)** Ríomh an mhais foirmle choibhneasta de gach ceann de na substaintí seo a leanas.

(maiseanna adamhacha coibhneasta:
H = 1, N = 14, O = 16, S = 32, K = 39, Ca = 40)

**(i)** sárocsaíd hidrigine $H_2O_2$

______________ [1]

**(ii)** sulfáit photaisiam $K_2SO_4$

______________ [1]

**(iii)** níotráit chailciam $Ca(NO_3)_2$

______________ [1]

**(c)** **(i)** Is é 40 an mhais foirmle choibhneasta de hiodrocsaíd sóidiam. Cad é mais 0.75 mól de hiodrocsaíd sóidiam?

_______________ g [1]

**(ii)** Cá mhéad mól atá in 240 gram de hiodrocsaíd sóidiam?

_______________ [1]

**(d)** Cheannaigh feirmeoir 50 kg de charbónáit chailciam. Is é 100 an mhais foirmle choibhneasta de charbónáit chailciam. Cá mhéad mól de charbónáit chailciam a cheannaigh an feirmeoir?

_______________ [1]

## SEO DEIREADH AN SCRÚDPHÁIPÉIR

**NÁ SCRÍOBH AR AN LEATHANACH SEO**

| Don Scrúdaitheoir amháin | |
|---|---|
| **Uimhir Ceiste** | **Marcanna** |
| 1 | |
| 2 | |
| 3 | |
| 4 | |
| 5 | |
| 6 | |
| 7 | |
| 8 | |
| 9 | |

| | |
|---|---|
| **Marc Iomlán** | |

**Uimhir Scrúdaitheora**

Cuireadh isteach ar chead chun an t-ábhar cóipchirt uile a atáirgeadh.
I gcásanna áirithe is féidir nár éirigh le CCEA teagmháil a dhéanamh le húinéirí cóipchirt agus beidh sé sásta na hadmhálacha sin a fágadh ar lár a chur ina gceart amach anseo ach é a chur ar an eolas.

10867.02

## SIOMBAILÍ D'IAIN ROGHNAITHE

### Iain Dheimhneacha

| Ainm | Siombail |
|---|---|
| Amóiniam | $NH_4^+$ |
| Cróimiam(III) | $Cr^{3+}$ |
| Copar(II) | $Cu^{2+}$ |
| Iarann(II) | $Fe^{2+}$ |
| Iarann(III) | $Fe^{3+}$ |
| Luaidhe(II) | $Pb^{2+}$ |
| Airgead | $Ag^+$ |
| Sinc | $Zn^{2+}$ |

### Iain Dhiúltacha

| Ainm | Siombail |
|---|---|
| Carbónáit | $CO_3^{2-}$ |
| Déchrómáit | $Cr_2O_7^{2-}$ |
| Eatánóáit | $CH_3COO^-$ |
| Hidrigincharbónáit | $HCO_3^-$ |
| Hiodrocsaíd | $OH^-$ |
| Meatanóáit | $HCOO^-$ |
| Níotráit | $NO_3^-$ |
| Sulfáit | $SO_4^{2-}$ |
| Suilfít | $SO_3^{2-}$ |

## INTUASLAGTHACHT SALANN COITEANN, HIODROCSAÍDÍ AGUS OCSAÍDÍ IN UISCE FUAR

| Intuaslagtha |
|---|
| Na salainn uilig de shóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| Na níotráití uilig |
| An chuid is mó de na clóirídí, bróimídí agus iaidídí<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na clóirídí, na bróimídí agus na hiaidídí d'airgead agus de luaidhe |
| An chuid is mó de na sulfáití<br>ACH CÉ IS MOITE DE shulfáití luaidhe agus bhairiam<br>Tá sulfáit chailciam intuaslagtha ach sa bheagán |

| Dothuaslagtha |
|---|
| An chuid is mó de na carbónáití<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na carbónáití de shóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| An chuid is mó de na hiodrocsaídí<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na hiodrocsaídí de shóidiam, potaisiam agus amóiniam |
| An chuid is mó de na hocsaídí<br>ACH CÉ IS MOITE DE<br>na hocsaídí de shóidiam, potaisiam agus cailciam a imoibríonn le huisce |

COUNCIL FOR THE CURRICULUM EXAMINATIONS AND ASSESSMENT 29 Clarendon Road, Clarendon Dock, Belfast BT1 3BG
+44 (0)28 9026 1200 +44 (0)28 9026 1234 +44 (0)28 9024 2063 info@ccea.org.uk www.ccea.org.uk
Rewarding Learning

Rewarding Learning

# BILEOG SONRAÍ

Lena húsáid ag iarrthóirí atá ag dul do:
Eolaíocht: Ceimic,
Eolaíocht: Teastas Dúbailte
nó Eolaíocht: Teastas Singil

**Caithfidh cóipeanna a bheith saor ó nótaí nó ó rudaí breise de chineál ar bith. Ní cheadaítear aon chineál ar bith de leabhrán sonraí nó de leathán faisnéise lena n-úsáid sna scrúduithe.**

| Ábhar | Leathanach |
|---|---|
| Tábla Peiriadach na nDúl | 2-3 |
| Siombailí d'Iain Roghnaithe | 4 |
| Intuaslagthacht Salann Coiteann | 4 |

# gcse eolaíocht
## ceimic
## teastas dúbailte
## teastas singil

8313.02

# TÁBLA PEIRIADACH NA nDÚL

## Grúpa

| 1 | 2 | | | | | | | | | | | 3 | 4 | 5 | 6 | 7 | 0 |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| | | | | | | | 1 **H** Hidrigin 1 | | | | | | | | | | 4 **He** Héiliam 2 |
| 7 **Li** Litiam 3 | 9 **Be** Beirilliam 4 | | | | | | | | | | | 11 **B** Bórón 5 | 12 **C** Carbón 6 | 14 **N** Nítrigin 7 | 16 **O** Ocsaigin 8 | 19 **F** Fluairín 9 | 20 **Ne** Neon 10 |
| 23 **Na** Sóidiam 11 | 24 **Mg** Maignéisiam 12 | | | | | | | | | | | 27 **Al** Alúmanam 13 | 28 **Si** Sileacan 14 | 31 **P** Fosfar 15 | 32 **S** Sulfar 16 | 35.5 **Cl** Clóirín 17 | 40 **Ar** Argón 18 |
| 39 **K** Potaisiam 19 | 40 **Ca** Cailciam 20 | 45 **Sc** Scaindiam 21 | 48 **Ti** Tíotáiniam 22 | 51 **V** Vanaidiam 23 | 52 **Cr** Cróimiam 24 | 55 **Mn** Mangainéis 25 | 56 **Fe** Iarann 26 | 59 **Co** Cóbalt 27 | 59 **Ni** Nicil 28 | 64 **Cu** Copar 29 | 65 **Zn** Sinc 30 | 70 **Ga** Gailliam 31 | 73 **Ge** Gearmáiniam 32 | 75 **As** Arsanaic 33 | 79 **Se** Seiléiniam 34 | 80 **Br** Bróimín 35 | 84 **Kr** Crioptón 36 |
| 85 **Rb** Rubaidiam 37 | 88 **Sr** Strointiam 38 | 89 **Y** Itriam 39 | 91 **Zr** Siorcóiniam 40 | 93 **Nb** Niaibiam 41 | 96 **Mo** Molaibdéiniam 42 | 99 **Tc** Teicnéitiam 43 | 101 **Ru** Ruitéiniam 44 | 103 **Rh** Róidiam 45 | 106 **Pd** Pallaidiam 46 | 108 **Ag** Airgead 47 | 112 **Cd** Caidmiam 48 | 115 **In** Indiam 49 | 119 **Sn** Stán 50 | 122 **Sb** Antamón 51 | 128 **Te** Teallúiriam 52 | 127 **I** Iaidín 53 | 131 **Xe** Xeanón 54 |
| 133 **Cs** Caesium 55 | 137 **Ba** Bairiam 56 | 139 **La*** Lantanam 57 | 178 **Hf** Haifniam 72 | 181 **Ta** Tantalam 73 | 184 **W** Tungstan 74 | 186 **Re** Reiniam 75 | 190 **Os** Oismiam 76 | 192 **Ir** Iridiam 77 | 195 **Pt** Platanam 78 | 197 **Au** Ór 79 | 201 **Hg** Mearcair 80 | 204 **Tl** Tailiam 81 | 207 **Pb** Luaidhe 82 | 209 **Bi** Biosmat 83 | 210 **Po** Polóiniam 84 | 210 **At** Astaitín 85 | 222 **Rn** Radón 86 |
| 223 **Fr** Frainciam 87 | 226 **Ra** Raidiam 88 | 227 **Ac†** Achtainiam 89 | 261 **Rf** Rutarfoirdiam 104 | 262 **Db** Dúibniam 105 | 263 **Sg** Seaboirgiam 106 | 262 **Bh** Boiriam 107 | 265 **Hs** Haisiam 108 | 266 **Mt** Meitniriam 109 | 269 **Ds** Darmstaidiam 110 | 272 **Rg** Unúiniliam 111 | 285 **Cn** Únúinbiam 112 | | | | | | |

| | | | | | | | | | | | | | |
|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|---|
| 140 **Ce** Ceiriam 58 | 141 **Pr** Praiséidmiam 59 | 144 **Nd** Neoidimiam 60 | 147 **Pm** Próiméitiam 61 | 150 **Sm** Samairiam 62 | 152 **Eu** Eoraipiam 63 | 157 **Gd** Gadailiam 64 | 159 **Tb** Teirbiam 65 | 162 **Dy** Diospróisiam 66 | 165 **Ho** Hoilmiam 67 | 167 **Er** Eirbiam 68 | 169 **Tm** Túiliam 69 | 173 **Yb** Itéirbiam 70 | 175 **Lu** Lúitéitiam 71 |
| 232 **Th** Tóiriam 90 | 231 **Pa** Prótactainiam 91 | 238 **U** Úráiniam 92 | 237 **Np** Neiptiúiniam 93 | 242 **Pu** Plútóiniam 94 | 243 **Am** Ameiriciam 95 | 247 **Cm** Cúiriam 96 | 245 **Bk** Beircéiliam 97 | 251 **Cf** Calafoirniam 98 | 254 **Es** Éinstéiniam 99 | 253 **Fm** Feirmiam 100 | 256 **Md** Meindiléiviam 101 | 254 **No** Nóbailiam 102 | 257 **Lr** Láirinciam 103 |

* 58 – 71 Na Lantanóidigh
† 90 – 103 Na hAchtanóidigh

$^{a}_{b}x$

a = mais adamhach choibhneasta (neasluach)
x = siombail adamhach
b = uimhir adamhach